



An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2017
(OR. en)

10085/17

FREMP 72	CATS 67
ASIM 69	COSI 128
COHOM 74	VISA 219
DEVGEN 126	SCHENGEN 33
CFSP/PESC 493	COCON 19
JEUN 85	COPEN 194
EDUC 287	FRONT 259
SOC 467	ANTIDISCRIM 32
EMPL 358	DROIPEN 84
CULT 86	JUSTCIV 140

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	8 Meitheamh 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	8702/17 REV 1
Ábhar:	Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint, a ghlac an Chomhairle ag an 3546ú cruinniú a bhí aici ar an 8 Meitheamh 2017.

**FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS
NA mBALLSTÁT AN MÉID SEO A LEANAS**

AITHNÍONN SIAD go bhfuil méadú millteanach tagtha ar líon na n-imirceach ar leanaí iad, lear mór acu gan tionlacan, atá ag teacht isteach san Aontas Eorpach, agus go bhfuil córais náisiúnta bainistithe imirce agus córais náisiúnta cosanta leanaí i roinnt Ballstát faoi bhrú mar thoradh air sin;

CUIREANN SIAD I dTREIS gur ábhar tosaíochta é cosaint a thabhairt do gach imirceach ar leanbh é ag gach céim den imirce;

IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2017 maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint¹;

MEABHRAÍONN SIAD conclúidí an 18 Samhain 2014 maidir le cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint², inar iarr an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún "aitheantas iomlán a thabhairt do leanaí mar shealbhóirí ceart agus a áirithiú go n-urramófar prionsabal leas an linbh sna beartais uile a dhéanann difear do leanaí";

ATHDHAINGNÍONN SIAD go bhfuil cur chuige cuimsitheach á chur chun feidhme ag an Aontas Eorpach le himirce a bhainistiú a bhfuil cosaint an linbh mar chuid lárnach de;

MEABHRAÍONN SIAD na cuspóirí chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann leis an imirce, ar an gcomhrac i gcoinne na smuigléirí agus na ngáinneálaithe ionas nach mbeidh leanaí ar imircigh iad, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha, ag teacht chun na hEorpa ar bhealach neamhrialta agus a mbeatha á cur i mbaol acu le linn an turais;

MEABHRAÍONN SIAD conclúidí an 3 Aibreán 2017 maidir le cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint³ ina gcuirtear fáilte roimh na Treoirínte athbhreithnithe maidir le Cearta an Linbh a Chur Chun Cinn agus a Chosaint⁴;

¹ 8297/17

² 15559/14

³ 7775/17

⁴ Le fáil ar <https://www.consilium.europa.eu/uedocs/cmsUpload/16031.07.pdf>

CUIREANN SIAD I dTREIS nach mór tús áite a thabhairt do leas an linbh i ngach gníomh agus i ngach cinneadh a bhaineann le leanaí agus tráth a dhéantar measúnú ar a iomchuí atá gach réiteach buan; athlonnú, imeascadh nó filleadh, ag brath ar chás sonrach agus ar riachtanais shonracha an linbh;

AITHNÍONN SIAD gur gá leanaí a chosaint go pras ón bhforéigean, ón dúshaothrú agus ón ngáinneáil, agus aois na leanaí a mheas ar shlí atá tapa agus cruinn le mí-úsáid a sheachaint agus a gcearta a chosaint, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta;

CUIREANN SIAD I dTREIS a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt agus páirt a thabhairt do phobail áitiúla maidir le himircigh ar leanaí iad a chosaint;

CUIREANN SIAD I dTREIS gur cheart é a bheith mar aidhm leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an tAontas agus na Ballstáit tuilleadh anailise a dhéanamh agus cosc a chur ar thuismitheoirí, nó ar dhaoine eile a bhfuil freagracht tuismitheora orthu, úsáid a bhaint as leochaileacht leanaí d'fhonn an deis a fháil teacht isteach san Aontas Eorpach go dleathach, gan dochar do acquis an Aontais mar atá sa réimse seo maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh, aontú teaghlaigh agus cearta sonracha an linbh, lena n-áirítear cearta mionaoiseach neamhthionlactha, agus leas an linbh;

IARRANN SIAD ar na Ballstáit gníomhaíochtaí a dhéanamh nó a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, chun leanaí a chosaint ag gach céim den imirce, ag cur, *inter alia*, leis na moltaí a bhí sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le "himircigh ar leanaí iad a chosaint";

IARRANN SIAD ar na Ballstáit cás sonrach agus leasanna na leanaí a chur san áireamh go hiomlán, go háirithe leanaí neamhthionlactha mar chatagóir atá fíor-leochaileach, i ngach plé leantach ar thograí reachtacha maidir le hathchóiriú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn;

IARRANN SIAD ar an gCoimisiún agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais tacú leis na Ballstáit lena n-áirítear úsáid a bhaint as an maoiniú atá ar fáil agus níos mó oiliúna, treorach agus tacaíocht oibríochtúil a bheith ann agus béim faoi leith á leagan ar na Ballstáit sin a bhfuil na dúshláin is mó rompu;

IARRANN SIAD ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin.